Forbairt Straitéiseach Tithíochta - Nuashonrú Ráithe 2 2019

Ó bhí Iúil 2017 ann déantar iarratais ar fhorbairtí tithíochta de bhreis is 100 aonad agus ar chóiríocht do mhic léinn de bhreis is 200 spás leapa agus cóiríocht chomhroinnte go díreach chuig an mBord Pleanála.

Seo a leanas na figiúirí is déanaí d'iarratais ar Fhorbairtí Straitéiseacha Tithíochta idir Eanáir 2018 agus Meitheamh 2019:

- Fuarthas 100 iarratas bhailí.
- Cinneadh 70 iarratas agus deonaíodh cead i 50 cás le haghaidh 12,339 aonad tithíochta agus 7,573 spás leapa do mhic léinn.
- Eisíodh 176 tuairim tar éis comhairliúcháin réamhiarratais.
- Cinneadh gach iarratas agus comhairliúchán réamhiarratais laistigh den sprioctréimhse16 nó 9 seachtaine.

Dul chun cinn sa chéad leath de 2019 -- Iarratais

Sna chéad 6 mhí de 2019, fuarthas 48 iarratas bhailí agus cinneadh 31 díobh (23 cheadú agus 8 ndiúltú). Go dtí seo i mbliana ceadaíodh 5,237 n-aonad tithíochta (1,870 teach, 2,953 árasán agus 414 aonad tóg le ligean) agus 3,094 spás leapa do mhic léinn.

Idir Aibreán agus Meitheamh 2019, fuair an Bord Pleanála 20 iarratas bailí, a gcaithfear gach ceann díobh a chinneadh roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair. Fuarthas 18 n-iarratas bailí sa tréimhse chéanna anuraidh.

Cinneadh 22 iarratas sa dara ráithe de 2019 (17 gceadú agus 5 dhiúltú). San iomlán, ceadaíodh 3,552 n-aonad tithíochta (1,163 teach, 1,975 árasán agus 414 aonad tógáil le ligean) agus 2,805 spás leapa do mhic léinn i mbliana.

Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta - Iarratais			
	Ceadanna Tugtha	**Aonaid Tithíochta**	**Spásanna Leapa do Mhic Léinn**
2018	**27**	**7,102**	**4,479**
Ráithe 1 2019	**6**	**1,685**	**289**
Ráithe 2 2019	**17**	**3,552**	**2,805**
Iomlán	**50**	**12,339**	**7,573**

Cinneadh gach iarratas laistigh den sprioctréimhse éigeantach 16 seachtaine.

Scaipeadh geografach na n-iarratas

Den 31 iarratas a cinneadh sa chéad leath de 2019, bhain 16 le Baile Átha Cliath, 2 le Contae na Mí, 3 le Contae Chill Dara, 4 le Contae Chorcaí agus ceann amháin le gach ceann de na contaetha Chill Mhantáin, Loch Garman, Phort Láirge agus na Gaillimhe.



Gheofar liosta iomlán de na forbairtí a ceadaíodh agus a diúltaíodh sa dara ráithe de 2019 i Sceidil A agus B.

Dul chun cinn sa chéad leath de 2019 -- Comhairliúcháin Réamhiarratais

Sula gcuirtear iarratas isteach ar fhorbairt straitéiseach tithíochta, tá sé éigeantach faoin reachtaíocht FST dul faoi phróiseas comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord Pleanála. Próiseas naoi seachtaine é seo agus ag an deireadh eisítear 'Tuairim'.

Fuarthas 75 iarratas ar réamhchomhairliúcháin idir Eanáir agus Meitheamh 2019 agus eisíodh 77 tuairim.

Iarratais ar Chomhairliúcháin Réamhiarratais i gcás Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta		
	Iarratais faighte	**Tuairimí a Eisíodh**
2017	**36**	**25**
2018	**97**	**74**
Ráithe 1 2019	**27**	**40**
Ráithe 2 2019	**48**	**37**
Iomlán	**208**	**176**

Eisíodh tuairimí ar chomhairliúcháin réamhiarratais laistigh de 9 seachtaine ón dáta a fuarthas iad ar aon dul le riachtanais reachtúla.

Sceideal A

Forbairt Straitéiseach Tithíochta Cead Tugtha Aibreán – Meitheamh 2019						
Forbairt Tithíochta						
Iarratas	**Líon na dTithe**	**Líon na nÁrasán**	**Líon na nAonad**	**Tóg le Ligean**	**Received**	**Dáta an Chinnidh**
Tailte ag Bóthar an tSeanmhachaire Gailf agus Lána Tuithe, Na Creagacha Dubha, Dún Dealgan, Co. Lú	99	67	166		14/12/2018	15/04/2019
Tailte ar Bhóthar Shackleton, An Seanbhaile, Cill Droichead, Co. Chill Dara	167	84	251		20/12/2018	04/04/2019
Teach Belgard, Cearnóg Belgard agus iarmhonarcha Uniphar, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24		438	438		20/12/2018	16/04/2019
Tailte ag An Teach Eilvéiseach, teach tábhairne, Bóthar Sord, Baile Átha Cliath 9			112	112	02/01/2019	20/04/2019
Baile fearann Bhaile an Locháin, Baile Átha Cliath 18	36	148	184		08/01/2019	18/04/2019
Tailte ó thuaidh den R147/de Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Dún Seachlainn, Co. na Mí	505	408	913		08/01/2019	23/04/2019
Suíomh iarmhonarcha			265	265	09/01/2019	17/04/2019

Dulux, Bóthar Mhic Dháibhéid, BÁC 12						
Suíomh atá teorannaithe ag Sráid an Mhuilinn, Ardán Mhic Shuibhne agus Bóthar Uí Mhongáin, BÁC 8			37	37	10/01/209	11/04/2019
Baile Bhriain, Droichead Átha, Co. na Mí	94	156	250		18/02/2019	10/06/2019
Cnoc an Teampaill, Baile na Manach, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath		294	294		22/02/2019	10/06/2019
Guaire, Co. Loch Garman	232	65	297		25/02/2019	28/05/2019
Bóthar Faoisimh Laistigh (R215) agus Bóthar Bhaile Átha Cliath (R132), Dún Dealgan, Co. Lú		142	142		08/03/2019	24/06/2019
Bóthar Ghleann na Muc Theas, Cill Tiarnáin, BÁC 18	30	173	203		19/03/2019	26/06/2019
Iomlán	**1,163**	**1,975**	**3,138**	**414**		

Cóiríocht do Mhic Léinn

Iarratas	Líon na Spásanna Leapa do Mhic Léinn	Faighte	Dáta an Chinnidh
Teach Belgard, Cearnóg Belgard agus iarmhonarch Uniphar, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	403	20/12/2018	16/04/2019
Suíomh atá teorannaithe ag Sráid an Mhuilinn, Ardán Mhic Shuibhne agus Bóthar Uí Mhongáin, BÁC 8	235	10/01/2019	11/04/2019
O'Riordan's Joinery, Bóthar Dhroichead na Bandan agus cuid d'Eaglais Mhuire gan	419	11/01/2019	30/04/2019

Smál, Bóthar an Locha, Corcaigh			
Avid Technology International, Bóthar Halla na gCarraeirí, Eastát Tionsclaíoch Áth an Ghainimh, BÁC 18	817	14/01/2019	30/04/2019
124/-126 Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1	257	04/02/2019	17/05/2019
An Campas Thuaidh, An Daingean, An Caisleán Nua Uachtarach, Cathair na Gaillimhe	674	28/02/2019	11/06/2019
Iomlán	**2,805**		

Sceideal B

Forbairt Straitéiseach Tithíochta Cead Diúltaithe Aibreán – Meitheamh 2019						
Iarratas	**Líon na dTithe**	**Líon na nÁrasán**	**Líon na nAonad**	**Tóg le Ligean**	**An dáta a fuarthas**	**Dáta an Chinnidh**
Suíomh láimh leis Na Peadaic, Bóthar Bhaile Liam, Baile an Ghróntaigh, Co. Phort Láirge	228	96	324		06/02/2019	20/05/2019
Plás Daneswell, Suíomh Iarmhonarcha Printworks/Smurfit, Bóthar Gharraithe		299	299		06/03/2019	18/06/2019

na Lus, Glas Naíon, BÁC 9						
Aonad 21, Ascaill a hAon, Eastát Tionscail Bhaile an Chócaigh, BÁC 24.		222	372	150	12/03/2019	19/06/2019
Tailte ag Club Gailf Bhaile an Alabhóidigh, Baile an Alabhóidigh, BÁC 15	133	120	253		15/03/2019	25/06/2019
Tailte ag Cnoc Choill Gharráin, Baile fearainn Pháirc na Saileog, Áth na Sceire, Co. Chill Mhantáin	134	84	218		22/03/2019	07/04/2019
Iomlán	**495**	**821**	**1,466**	**150**		